

AODH BUIDHE BRICÍN.

Gabha a bhí i n Aodh Buidhe Bricín. Níor raibh aon phinginn dár shaothruigh sé nár chuir sé sa mhboc faoi'n inneoin. Cráiteachán a bhí ann. Tháinig oidhche an taoille mhóir agus tháinig an taoille faoi'n gceardcha agus bhog sé an bloc. Thuit an inneoin de'n bhloc. D'éirigh an bloc ar an taoille ar snámh agus sguabadh amach ar an taoille é. Sé an áit ar fágadh é ag binn tighe Shéain Uí Cheallaigh. Fear bocht gan chéill a bhí Sheáin a chaithfeadh a dtáinig is a dtiocfaidh. Tráigh an taoille. Is gearr ina dhiaidh sin gur cailleadh an gabha agus ní raibh coinneall sa teach le na thóramh.

Chuaidh Seán Ó Ceallaigh ag sgoilt an bhloc lá le haghaidh teineadh. Nuair a chuaidh sé dá sgoilt thuit an t-airgead amach as ar an urlár aige. Séard a bhí ann trí fichid giní agus trí fichid pinginn. Nuair a cailleadh Seán Ó Ceallaigh, nár shábháil pinginn ariamh, bhí torramh mór aige, baraille rum agus coinne geala. Bhí file ag an tóramh. Nuair a bhí gloine maith olta aige séard dubhairt sé

“ A Aodh Bhuidhe Bhricín, a choinnigh a bhfuair do láimh,

Tá Seán Ó Ceallaigh chó deas ar uair a bháis.”

14.10.1931.